

## Sochair Bháis i Seirbhís

### Cad iad na sochair atá iníoctha má fhaighim bás i seirbhís?

A fhad is go bhfuil íocaíochtaí déanta don Scéim do 24 mó ar a laghad, is féidir go mbeidh na sochair inseirbhíse seo a leanas iníoctha go ginearálta:

- ▶ **Aisce Bháis:** Iníoctha do d'Eastát, de ghnáth, bíonn sé suas le dhá oiread níos mó de do thuilleamh inphinsin sna dhá mhí déag roimh do bhás.
- ▶ **Pinsin maidir le Céile, Páirtí Sibhialta nó leanbh cleithiúnach:** Má fhágann tú Céile, Páirtí Sibhialta nó leanbh cleithiúnach atá fós beo agus incháilithe i do dhiaidh, is féidir go mbeidh siad incháilithe pinsean a fháil.

### Cad is leanbh incháilithe cleithiúnach ann?

Go ginearálta, seo leanbh atá faoi 16 bliain d'aois, nó atá faoi 22 bliain d'aois agus in oideachas lánaimseartha, nó atá ar éagumas go buan.

### Conas a ríomhtar sochar pinsin Céile nó Páirtí Sibhialta atá fós beo?

Is ionann an méid atá iníoctha, de ghnáth, agus leath na sochar pinsin atá fabhráithe agat mar chomhalta den Scéim ar dháta do bháis.

### Conas a ríomhtar sochar pinsin Linbh atá fós beo?

Is ionann an méid atá iníoctha agus céatadán sochar pinsin atá fabhráithe agat mar chomhalta den Scéim ar dháta do bháis. Tá an céatadán atá le híoc do gach leanbh incháilithe ag brath ar líon na leanaí incháilithe atá fós beo.

### An méadaíonn na pinsin seo agus iad á n-íoc?

Is féidir go méadófar do phinsean i ndiaidh duit dul ar scor ar aon dul le haon méaduithe ar bhoilsciú, ag brath ar fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Cad a tharlaíonn má fhaighim bás i seirbhís mura bhfuil íocaíochtaí déanta agam don scéim le 24 mí nó níos mó?

Má fhaigheann tú bás i seirbhís agus mura bhfuil íocaíochtaí déanta agat don Scéim le 24 mí nó níos mó, is í Aisce Bháis laghdaithe an t-aon sochar arbh fhéidir a bheith iníoctha faoin Scéim.

### Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do **Bhileog Faisnéise Scéime**, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag [www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/](http://www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/)

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.